RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/957 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Bealtaine 2021

maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann breis foranna léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Maidir le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is iomchuí foráil a dhéanamh go bhféadfaidh an sealbhóir, ar feadh tréimhse áirithe, leanúint ag agairt na faisnéise sin i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse 3 mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

Airteagal 2

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is faisnéis í is féidir a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Gerassimos THOMAS
An tArd-Stiúrthóir
Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim

IARSCRÍBHINN

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód AC)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
Earra ubhchruthach atá tuairim is 180 cm ar fad agus 95 cm ag an bpointe is leithne. Is éard atá ann fabraic theicstíle atá cróiseáilte go scaoilte agus lena gcruthaítear struchtúr is cosúil le heangach atá ceangailte le feadán inséidte plaisteach lena bhfrámaítear an fhabraic theicstíle. Ceanglaítear piliúr inséidte plaisteach le taobh amháin den fheadán. Tá an feadán agus an piliúr clúdaithe go hiomlán le fabraic theicstíle fhite atá déanta as snáth filiméid shintéisigh. Tá dromchla seachtrach an earra déanta go hiomlán as ábhair theicstíle, ar mó iad ná na plaistigh ó thaobh toirte de. Go háirithe an struchtúr is cosúil le heangach ar a luíonn úsáideoir, tá sé déanta go hiomlán as ábhar teicstíle. Mar sin féin, is mó na plaistigh ná na hábhair theicstíle ó thaobh meáchain agus luacha de. Tá an t-earra deartha chun snámh ar uisce, mar a dhéanann aerthocht uisce. Féach an íomhá (*)	6306 90 00	Cinntear an t-aicmiú le rialacha ginearálta (GIR) 1, 3(b) agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte (AC), le nóta 7(f) a ghabhann le Roinn XI de AC agus le foclaíocht na gcód AC 6306 agus 6306 90 00. An t-earra atá ann, is táirge ilchodach é ina bhfuil ábhair éagsúla (fabraicí teicstíle agus plaistigh) de réir bhrí GIR 3(b). Déantar an t-aicmiú ar earraí faoi chód AC 3926 90 97 mar earraí eile plaisteacha a eisiamh, toisc go bhfuil saintréithe oibiachtúla earra teicstíle ag an earra nuair a bhreathnaítear air, nuair a leagtar lámh air nó nuair a luíonn duine air, mar gheall ar ábhar a dhromchla sheachtraigh atá déanta as ábhar teicstíle amháin. Cé go bhfuil ról tábhachtach ag na plaistigh maidir leis an earra a úsáid mar ghléas snámhach, tá na fabraicí teicstíle is cosúil le heangach sa lár riachtanach chun ligean do dhuine luí ar an ngléas agus é ar snámh. Dá bhrí sin, is iad na hábhair theicstíle ar an iomlán (ábhar an dromchla sheachtraigh, fabraic theicstíle chróiseáilte is cosúil le heangach) is saintréith don earra de réir bhrí GIR 3(b). I bhfianaise shaintréithe an earra ó thaobh na gcuspóirí atá leis (deartha lena ghlacadh go háiteanna éagsúla agus lena úsáid ann go sealadach, go bhfuil sé éadrom, éasca le hiompar agus le cur le chéile, an chosúlacht atá aige le haerthochtanna) is earra le haghaidh campála atá ann. Féach freisin an Nóta Míniúcháin AC a ghabhann le ceannteideal 6306 90 00 agus Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a fhad le 6306, an chéad mhír, pointe (5). Dá bhrí sin, tá an t-earra le haicmiú faoi chód AC 6306 90 00 mar earraí campála.

(*) Le haghaidh faisnéis amháin atá an íomhá.

